NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10665 – WAVERLY / TPG / ASIA HEALTHCARE HOLDINGS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 114/06)

1. An 2 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Waverly Pte. Ltd. ("Waverly", Singeapór), a bhaineann leis an ngrúpa Macquarie GIC,

— TPG Growth III SF PTE. Ltd. ("TPG", na Stáit Aontaithe),

— Asia Healthcare Holdings Private Limited ("AHH", Singeapór), faoi rialú TPG.

GheobhaidhWaverly agus TPG rialú comhpháirteach ar AHH ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Waverly: meán infheistíochta ainmnithe Ghrúpa GIC, agus hinfheistíochtaí aige i réimsí éagsúla ar fud an domhain. Bainistíonn Grúpa GIC punann domhanda éagsúlaithe i gcistí cothromais phríobháidigh, caipitil fiontair agus bonneagair, chomh maith le hinfheistíochtaí díreacha i gcuideachtaí príobháideacha,

— TPG: gnólacht infheistíochta a bhainistíonn fine cistí a infheistíonn i roinnt cuideachtaí trí fháil agus athstruchtúrú corparáideach,

— AHH: gnóthas a oibríonn ardán infheistíochta atá dírithe ar chúram sláinte a bhaineann le speisialtachtaí aonair san India. Tá dhá phríomhghnó i ngníomhaíochtaí AHH: (i) Máithreachas, sraith ospidéil speisialtachta ina gcuirtear seirbhísí cúraim sláinte máithreachais, leanaí agus torthúlachta den scoth ar fáil ar fud na hIndia; agus (ii) Nova IVF, soláthróir tiomnaithe IVF agus réitigh thorthúlachta san India.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10665 – WAVERLY / TPG / ASIA HEALTHCARE HOLDINGS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË